STAIR NA AHÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH
PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Slabhra sclábhaí Lochlannach
deireadh an naoú haois nó tús an deichiú haois

Bhí dúil mhór ag na Lochlannaigh i scéalta faoi arrachtaí amhail troill, dragain agus péisteanna mara.

Ba bhandia Lochlannach í Freyja agus chaoin sí deora óir nuair a bhí sí míshona.

Bhíothas in ann longa Lochlannacha a sheoladh in uisce tanaí. B'ionann sin agus a rá go raibh siad in ann taisteal suas aibhneacha chomh maith le taisteal ar an bhfarraige. Le linn ruathair, d'fhéadfaí long a tharraingt amach as an uisce chuig an gcladach agus d'fhéadfadh na Lochlannaigh léimneach amach agus tosú ag troid láithreach agus d'fhéadfaidís éalú go tapa dá gcuirfí an ruaig orthu.

Creimeadh fiacla na Lochlannach go han-tapa mar go raibh arán na Lochlannach déanta as plúr greanach.

Is minic a bhí tochas ar na Lochlannaigh agus chíor siad a gcuid gruaige go minic.

Ba é ba chúis leis sin ná dreancaidí agus sneá.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy